II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN (AE) 2021/996 ÓN gCOMHAIRLE

## an 21 Meitheamh 2021

## lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a bhaineann le bearta sriantacha i dtaca leis an mBealarúis

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh 2012/642/CBES ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2012 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis ([1]),

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ón gComhairle ([2]), déantar foráil maidir le cistí agus acmhainní eacnamaíocha a reo agus toirmisctear leis cistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do dhaoine, d'eintitis nó do chomhlachtaí atá freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine nó as an tsochaí shibhialta agus an freasúra daonlathach a chur faoi chois, nó a mbaineann a gcuid gníomhaíochtaí an bonn ón daonlathas nó ón smacht reachta sa Bhealarúis ar bhealach eile nó a bhaineann tairbhe as réimeas Lukashenka nó a thacaíonn leis an réimeas sin. Cuirtear cosc leis freisin ar sholáthar cúnaimh theicniúil a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht atá liostaithe i gComhliosta Míleata an Aontais Eorpaigh nó a bhaineann le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí sin. Forchuirtear leis toirmeasc ar onnmhairiú trealaimh a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh brú faoi chois inmheánach chuig aon duine, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis nó lena úsáid sa Bhealarúis, agus toirmisctear cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh airgeadais a chur ar fáil. Cuireann sé toirmeasc freisin ar aeriompróirí na Bealarúise tuirlingt i gcríoch an Aontais, éirí de thalamh uaithi nó eitilt thairsti.

(2) Tugtar éifeacht le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 do na bearta dá bhforáiltear i gCinneadh 2012/642/CBES.

(3) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2021/1002 ón gComhairle ([3]) tugtar isteach sonrúcháin áirithe atá dírithe ar na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 24 agus an 25 Bealtaine 2021 a chur chun feidhme tar éis cur faoi deara neamhdhleathach eitilt de chuid Ryanair laistigh den Aontas Eorpach tuirlingt go héigeantach, i Mionsc, an Bhealarúis, an 23 Bealtaine 2021. Le Cinneadh (CBES) 2021/1001 ón gComhairle ([4]) leasaítear Cinneadh 2012/642/CBES trí mhaoluithe nua áirithe a thabhairt isteach maidir le reo sócmhainní agus toirmeasc ar chistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do dhaoine nó d'eintitis liostaithe chun iarmhairtí neamh-inmhianaithe na n-ainmniúchán nua sin a sheachaint. Baineann na maoluithe sin le heitiltí chun críoch daonnúil, chun daoine a aslonnú nó a aisdúichiú, nó do thionscadail lena dtugtar tacaíocht d'íospartaigh tubaistí nádúrtha, núicléacha nó ceimiceacha, chun freastal ar chruinnithe arb é is cuspóir dóibh réiteach a fháil ar an ngéarchéim sa Bhealarúis nó cuspoírí beartais na mbeart sriantach a chur chun cinn, agus le heitiltí éigeandála chomh maith le hábhair aershábháilteachta. Ní mór na maoluithe sin a léiriú i Rialachán (CE) Uimh. 765/2006.

---

([1]) IO L 285, 17.10.2012, lch. 1.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ón gComhairle an 18 Bealtaine 2006 maidir le bearta sriantacha i leith na Bealarúise (IO L 134, 20.5.2006, lch. 1).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2021/1002 ón gComhairle an 21 Meitheamh 2021 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2012/642/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis (Féach leathanach 70 den Iris Oifigiúil seo).

([4]) Cinneadh (CBES) 2021/1001 ón gComhairle an 21 Meitheamh 2021 lena leasaítear Cinneadh 2012/642/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis (Féach leathanach 67 den Iris Oifigiúil seo).

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a leasú dá réir.

(5) Chun a áirithiú go mbeidh na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo éifeachtach, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm láithreach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3(1) de Rialachán (CE) Uimh. 765/2006:

"1. De mhaolú ar Airteagal 2, féadfaidh údaráis inniúla sna Ballstáit, mar a léirítear ar na suíomhanna gréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn II, údarú a thabhairt cistí nó acmhainní eacnamaíocha reoite áirithe a scaoileadh, nó cistí áirithe nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a chur ar fáil, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a shuí gurb amhlaidh i gcás na gcistí nó na n-acmhainní eacnamaíocha:

(a) gur den riachtanas iad chun bunriachtanais na ndaoine gona mbaill teaghlaigh chleithiúnacha a liostaítear in Iarscríbhinn I a shásamh, lena n-áirítear íocaíochtaí le haghaidh earraí bia, cíos nó morgáiste, leigheasra agus cóireáil liachta, cánacha, préimheanna árachais, agus muirir fóntais phoiblí;

(b) go bhfuil siad ceaptha chun táillí gairmiúla réasúnta a íoc agus speansais arna dtabhú a aisíoc a bhaineann le soláthar seirbhísí dlí, agus chuige sin amháin;

(c) go bhfuil siad ceaptha chun táillí nó muirir sheirbhíse a íoc as cistí nó acmhainní eacnamaíocha reoite a choinneáil nó a chothabháil ar bhonn rialta, agus chuige sin amháin;

(d) go bhfuil siad beartaithe go heisiach chun muirear is gá do cheann amháin díobh seo a leanas a íoc:

   (i) eitiltí a oibriú chun críoch daonnúil, chun daoine a aslonnú nó a aisdúichiú, nó do thionscadail lena dtugtar tacaíocht d'íospartaigh tubaistí nádúrtha, núicléacha nó ceimiceacha;

   (ii) eitiltí a oibriú i gcreat nósanna imeachta uchtála idirnáisiúnta;

   (iii) eitiltí a oibriú a theastaíonn chun freastal ar chruinnithe arb é is cuspóir dóibh réiteach a fháil ar an ngéarchéim sa Bhealarúis nó lena ndéantar cuspóirí beartais na mbeart sriantach a chur chun cinn; nó

   (iv) tuirlingt, éirí de thalamh nó traseitilt ar mhaithe le héigeandáil ag aeriompróir AE; nó

(e) go bhfuil siad riachtanach chun déileáil le hábhair aershábháilteachta práinneacha atá sainaitheanta go soiléir agus tar éis dul i gcomhairle roimh ré le Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh.".

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 21 Meitheamh 2021.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. BORRELL FONTELLES